

Cód Reachtanna Gníomhaireacht Iompair na Sualainne



GNÍOMHAIREACHT
IOMPAIR NA
SUALAINNE

Rialacháin agus comhairle ghinearálta Gníomhaireacht Iompair na Sualainne maidir leis an luas uasta do fheithiclí le dhá leantóir;

TSFS 20 [Bliain]:
[Uimh.]

Arna fhoilsiú an
[Roghnaigh dáta]

arna ghlacadh an [Roghnaigh dáta].

TRÁCHT AR BHÓITHRE

De bhua Chaibidil 4, Roinn 20 den Reacht um Thrácht ar Bhóithre (1998:1276), eisíonn Gníomhaireacht Iompair na Sualainne¹ na rialacháin seo a leanas.

Forálacha tosaigh

Roinn 1 Tá forálacha sna rialacháin seo maidir leis an uasluas le haghaidh feithiclí a bhfuil dhá leantóir acu i gcásanna seachas na cásanna sin a shonraítear i gCaibidil 4, Roinn 20, an dara mír, pointe 2 den Reacht um Thrácht ar Bhóithre (1998:1276). Baineann na rialacháin le cónaisc feithiclí nach faide ná 25.25 méadar ar fhad.

Roinn 2 Tá an bhrí chéanna leis na focail agus na nathanna a úsáidtear sna rialacháin seo agus atá leo sa Gníomh um Shainmhínithe ar Thrácht ar Bhóithre (2001:559) agus sa Reacht um Shainmhínithe ar Thrácht ar Bhóithre (2001:651).

Díolúintí

Roinn 3 D'ainneoin Caibidil 4, Roinn 20 den Reacht um Thrácht ar Bhóithre (1998:1276), féadfar feithicil le dhá leantóir a thiomáint ar an mbóthar suas le huasmhéid 80 km/u, má chomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach i Ranna 4 go 8. Má shonraítear luas níos ísle don bhóthar, beidh feidhm ag an teorainn luais sin maidir leis an gcónasc feithiclí.

¹ Féach Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise.

Coinníollacha

Roinn 4 Ní bheidh fad an chónaisc feithiclí níos faide ná 25.25 méadar. Níl feidhm aige sin maidir le cónaisc feithiclí a oibrítear ar bhonn ceada chun tástáil a dhéanamh ar chónaisc feithiclí níos faide arna eisiúint ag Gníomhaireacht Iompair na Sualainne de bhua Chaibidil 4, Roinn 17d den Reacht um Thrácht ar Bhóithre (1998:1276).

Roinn 5 Beidh coscáin frithghlasála feistithe ar gach feithicil atá sa chónasc feithiclí i gcomhréir le

1. Treoir ón gComhairle 71/320/CEE an 26 Iúil 1971 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le feistí coscánaithe le haghaidh catagóirí áirithe mótarfeithiclí agus a leantóirí; nó

2. Rialachán ECE Uimh. 13 de Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí de chatagóirí M, N agus O i ndáil le coscánú

Tá an Rialachán ECE glactha ag an Aontas Eorpach, agus foilsithe agus aistrithe go Sualainnis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Roinn 6 Beidh dhá phointe insí ag an gcónasc feithiclí.

Roinn 7 Ní bheidh aon acastóir, seachas acastóir(i) tosaigh na trucaile, ina acastóirí stiúrtha ag luasanna is mó ná 40 km/u.

Comhairle ghinearálta

Ar thrucail, ba cheart acastóir bissel stiúrtha atá suite os comhair an acastóra tiomána a mheas mar acastóir tosaigh.

Roinn 8 Más rud é gur leantóir acastóra láir é an leantóir is faide ar chúl, ní sháróidh a airde, lena n-áirítear an t-ualach, 4.0 méadar.

Más leathleantóir é an leantóir is faide ar chúl, féadfaidh a airde, lena n-áirítear an t-ualach, dul thar 4.0 méadar ach amháin má tá an fad ó phionna ceann aise go hacastóir an leantóra, nó lár a acastóirí nach bhfuil faoi stiúir, 7.5 méadar ar a laghad.

1. Tiocfaidh an reacht seo i bhfeidhm an **xx Aibreán 2025**.

2. Aisghairtear leis an reacht seo rialacháin Riarachán Bóithre na Sualainne (VVFS 2005:131) maidir leis an uasluas le haghaidh feithiclí a bhfuil dhá leantóir acu (cónasc dubailte).

Thar ceann Ghníomhaireacht Iompair na Sualainne

JONAS BJELFVENSTAM

Pär Ekström
(Bóthar agus Iarnród)